

Making the railway system
work better for society.

Glaó ar Iarratais do 3 phost Meánbhainistíochta mar Chinn Aonad i Roinn na gCóras Iarnróid

Gníomhaire Sealadach 2(f) Riarthóir (AD9) - d'fhonn 3 liosta ionadaithe a bhunú - ERA/AD/2020/001-OPE

I - SONRAÍ POIST DO NA TRÍ PHOST

Tá an Gníomhaireacht ag lorg **3** Riarthóir Meánbhainistíochta (Cinn Aonad) do Roinn na gCóras Iarnróid:

- › **Post 1: Ceann an Aonaid um Phleanáil agus Oibríochtaí,**
- › **Post 2: Ceann an Aonaid um Shuiteálacha Socraithe agus Rothstoc,**
- › **Post 3: Ceann an Aonaid um ERTMS agus Teileamaitic.**

Beidh na sealbhóirí poist ag obair ina nAonad féin agus an t-aonad á bhainistiú acu faoi fhreagracht Cheann an Aonaid agus oibreoidh siad go dlúth leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus leis Cinn na nAonad eile sa Gníomhaireacht.

Is féidir le hiarrthóirí cur isteach ar [níos mó ná post amháin](#).

Ní mór d'iarthóirí a léiriú go soiléir ar an bhfoirm iarratais ERA cén post/cad iad na poist ar a bhfuil siad ag déanamh iarratais.

Príomhchúraimí agus príomhfhreagrachtaí:

- › Foireann atá comhdhéanta de dhaoine gairimiúla agus saineolaithe i réimsí iarnróid ar leith a threorú agus a bhainistiú d'fhonn moltaí agus tuairimí a chur ar fáil agus chun cur le tionscadail agus seirbhísí na Gníomhaireachta ag gearáil ar eagraíocht mhaítríse;
- › Gníomhaíochtaí an Aonaid a phleanáil, a bhainistiú agus a rialú chun an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair a chur i gcrích de réir na gcuispóirí a leagadh amach, agus atmaisféar dearfach agus réamhghníomhach oibre a chur chun cinn;
- › Acmhainní daonna agus airgeadais a bhainistiú ag leibhéal an Aonaid;
- › Measúnú feidhmíochta bliantúil a bhainistiú agus páirt a ghlacadh sna nósanna imeachta athaicmithe;
- › Inniúlachtaí, próifílí agus riachtanais oiliúna na bhfoirne a shainmhíniú, atá riachtanach chun tascanna a bhfuiltear ag súil leo ón Aonad a bhaint amach;
- › Ionadaíocht a dhéanamh don Aonad agus don Gníomhaireacht ag cruinnithe inmheánacha agus seachtracha faoi chumas an Aonaid;
- › Comhairle agus saineolas a chur ar fáil do Cheann an Aonaid, do Chinn Aonad eile, agus don Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ábhair a bhaineann le cumas an Aonaid;
- › Cáil an Aonaid a chur chun cinn trí úinéireacht a ghlacadh i ndáil le hiarrataí nua agus éagsúla a chur i gcrích agus chun deiseanna a fhiosrú chun luach a chur le héachtaí poist.

II - CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Maidir leis na trí phost, tá an nós imeachta roghnúcháin oscailte d'iarrthóirí a chomhlíonann **gach ceann** de na critéir incháilitheachta seo a leanas, ar an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach:

1. Riachtanais ghinearálta:

- › A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach nó a bheith ina náisiúnach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua);
- › A bheith i dteideal a gceart iomlán mar shaoránach;
- › Aon oibleagáidí a leagadh síos leis na dlíthe is infheidhme maidir le dualgas míleata a bheith coimhlíonta aige/aici¹;
- › Ní mór na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a bheith comhlíonta aige/aici²;
- › A bheith aclaí chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh³;
- › Eolas an-mhaith a bheith aige/aici ar theanga oifigiúil⁴ de chuid an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil a bheith aige/aici ar theanga oifigiúil eile⁵ de chuid an Aontais Eorpaigh, a mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh;
- › A bheith faoi bhun na haoise ag a gcuirtear baill foirne an Aontais Eorpaigh ar scor go huathoibríoch. Faoi láthair, is é sin an lá deiridh den mhí ina mbainfidh an ball foirne 66 bliain d'aois amach⁶.

2. Cáilíochtaí:

- › Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile arna fhianú le dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó, agus taithí ghairmiúil de 12 bhliain ar a laghad ina dhiaidh sin;
NÓ
- › Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile arna fhianú le dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana nó níos mó, agus taithí ghairmiúil 13 bliana ar a laghad ina dhiaidh sin.

Ní ghlacfar ach le cáilíochtaí arna mbronnadh ag údaráis na mBallstát AE nó ag údaráis LEE (Limistéar Eorpach Eacnamaíoch) agus le cáilíochtaí atá aitheanta mar cháilíochtaí coibhéiseacha ag údaráis ábhartha na mBallstát AE nó LEE.

1 Más infheidhme

2 Sula gceapfar é/i, ní mór don iarrthóir a n-éireoidh leis/léi teastas a chur ar fáil ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil aige/aici

3 Sula gceapfar é/i, cuirfear an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi faoi réir scrúdú dochtúra in ionad leighis a ainmneoidh an Ghníomhaireacht chun a chinntiú go gcomhlíonann sé/sí riachtanais Airteagal 28 (e) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh

4 Do mháthairtheanga nó teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil eolas an-mhaith agat uirthi a chomhfhreagraíonn do Leibhéal C1 mar a shainítear i gCreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR) <http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr> (mBéarla)

5 Eolas ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh a chomhfhreagraíonn do leibhéal B2 ar a laghad mar a shainítear i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR)

6 Féach Airteagal 52 (a) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh do Ghníomhairí Sealadacha, a bhaineann le Gníomhairí ar Chonradh de réir Airteagal 119 CEOS

III - CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Na hiarrthóirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar amach thuas, déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil in aghaidh na **gcritéar roghnúcháin**. Ní gá d'iarrthóirí gach ceann de na critéir roghnúcháin a chomhlíonadh: is é sin le rá, ní dhéanfar iarrthóirí nach gcomhlíonann critéar roghnúcháin amháin nó níos mó a eisiamh láithreach ón bpróiseas roghnúcháin.

Na critéir roghnúcháin a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar iarratais na n-iarrthóirí **do gach post**:

- › Staidéir ollscoile i réimse na Fisice NÓ na Matamaitice NÓ na hInnealtóireachta NÓ na hEacnamaíochta;
- › Ardchumas Béarla⁷;
- › Taithí ghairmiúil 12 bhliain⁸ ar a laghad (tar éis céim ollscoile a bhaint amach) i ról a bhaineann leis an bpost;
- › Taithí dheimhnithe 4 bliana ar a laghad i ról bainistíochta agus cuntas teiste deimhnithe i ndáil le foirne a bhainistiú (sonraigh le do thoil méid na foirne a bhí á mbainistiú agat agus líon na mblianta ina ndearna tú an fhoireann/na foirne a bhainistiú);
- › Eolas cruthaithe agus taithí ar an gcreat dlí AE san earnáil iarnróid, go háirithe maidir le Sábháilteacht agus Idir-inoibritheachta Iarnróid;
- › Taithí ag plé le bainistíocht ag gach leibhéal den eagraíocht.

Ina theannta sin, critéir roghnúcháin a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar iarratais na n-iarrthóirí ag brath ar **an bpost/ar na poist roghnaithe**:

Post 1: Sábháilteacht agus Oibríochtaí:

- › Taithí oibre ábhartha agus saineolas i réimse na sábháilteachta;
- › Taithí maidir leis an gcultúr sábháilteachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- › Taithí oibre ábhartha i sábháilteacht iarnróid.

Post 2: Suiteálacha Socraithe agus Rothstoc:

- › Taithí oibre ábhartha agus saineolas sna réimsí de dhearadh, oibriú nó cothabháil na bhfeithiclí iarnróid;
- › Taithí oibre ábhartha agus saineolas sna réimsí de dhearadh, oibriú nó cothabháil na suiteálacha socraithe iarnróid;
- › Taithí ghairmiúil ar fheithiclí iarnróid agus/nó fochórais a údarú.

Post 3: ERTMS agus Teileamaitic:

- › Taithí ábhartha agus saineolas sa réimse de dhearadh agus suiteáil na gcóras um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht;
- › Taithí oibre ábhartha agus saineolas sa réimse de dheimhniú agus tástáil na gcóras um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht;
- › Taithí ghairmiúil ar fheithiclí iarnróid agus/nó fochórais a údarú;
- › Taithí ghairmiúil i bhforbairt agus cur i bhfeidhm na gcóras Teileamaitice.

⁷ De thairbhe gurb é Béarla teanga chumarsáide na Gníomhaireachta, tá leibhéal C1 (i ngach réimse) ar a laghad i mBéarla ag teastáil

⁸ 13 bliana más rud é go bhfuil leibhéal oideachais agat a chomhfhreagraíonn do staidéar ollscoile críochnaithe arna fhianú le dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana nó níos mó

Ní mór don iarrthóir an cur síos is beaichte is féidir a dhéanamh san fhoirm iarratais ERA maidir lena c(h)áilíochtaí oideachais/acadúla agus lena t(h)aithí ghairmiúil.

Cuirfear na hiarrthóirí a mheasfar a bheith ar na hiarrthóirí is oiriúnaí, bunaithe ar na critéir roghnúcháin, faoi agallamh, faoi thástáil scríofa agus faoi thástáil bhreise in Ionad Measúnaithe.

IV - AGALLAMH, TÁSTÁIL SCRÍOFA AGUS TÁSTÁIL BHREISE (Ionad Measúnaithe)

Déanfar na hiarrthóirí a fhaigheann cuireadh chuig céim na tástála a mheasúnú agus a scóráil de réir na gcritéir seo a leanas:

1. Le haghaidh an agallaimh: critéir atá ábhartha do na 3 phost:**Scileanna boga:**

- › Spreagadh;
- › Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta;

Scileanna crua:

- › Saineolas a bhaineann le riachtanais an phoist;
- › Eolas ar an mbeartas iarnróid AE agus ar ról na Gníomhaireachta.

2. Le haghaidh na tástála scríofa: critéir atá ábhartha do na 3 phost:

- › Eolas agus inniúlachtaí a bhaineann leis an bpost áirithe;
- › An cumas anailís a dhéanamh ar ionchur agus smaoineamh ar aschur ciallmhar;
- › Cumarsáid éifeachtach scríofa i mBéarla.

I gcás cainteoirí dúchais Béarla, déanfar tástáil le linn an agallaimh ar do chumas cumarsáid a dhéanamh sa dara teanga AE atá agat. De thairbhe gur cuid é sin de na ceanglais ghinearálta a luaitear thuas, eiseofar aon duine ón roghnúchán mar gheall ar mhainneachtain leibhéal sásúil sa dara teanga AE a chruthú.

3. Le haghaidh na dtástálacha breise in Ionad Measúnaithe:

- › Inniúlachtaí agus scileanna sainiúla bainistíochta arna measúnú ag Ionad Measúnaithe tiomanta.

Tabharfar cuireadh d'iarthóirí a n-éireoidh leo san agallamh agus sa tástáil scríofa chuig Ionad Measúnaithe seachtrach ina ndéanfar measúnú ar acmhainneacht bhainistíochta an iarratasóra agus déanfar anailís dhomhain ar scileanna bainistíochta, ar inoiriúnaitheacht agus ar phríomhinniúlachtaí eile. Is cleachtaí aonair agus/nó grúpa a bheidh i gceist, mar aon le haghallaimh dhomhain a bheidh dírithe ar scileanna bainistíochta.

Maidir le hiarrthóirí atá tar éis tabhairt faoi mheasúnú den chineál sin taobh istigh dhá bhliain roimh an dáta deiridh le hiarratais a bheith istigh, is féidir leo a iarraidh go gcuirfear san áireamh toradh an mheasúnaithe roimhe.

Glaó ar Iarratais do 3 phost Meánbhainistíochta mar Chinn Aonad i Roinn na gCóras Iarnróid

Gníomhaire Sealadach 2(f) Riarthóir (AD9) - d'fhonn 3 liosta ionadaithe a bhunú - ERA/AD/2020/001-OPE

<i>Dáta foilsithe:</i> 27/01/2020	<i>Spríodhata le hiarratais a chur isteach:</i> 25/02/2020 (23.59 Am Lár na hEorpa, am áitiúil Valenciennes)
<i>Cineál conartha:</i> Gníomhaire Sealadach 2(f) <i>Feidhmghrúpa agus grád:</i> AD9	<i>Áit fostaíochta:</i> Valenciennes, an Fhrainc
<i>Fad an chonartha:</i> 4 bliana agus féadfar é a athnuachan go ceann tréimhse chinnte nach faide ná 4 bliana. Má dhéantar é a athnuachan don dara huair, is conradh éiginnte a bheidh i gceist	<i>Buntuarastal míosúil:</i> EUR 8 002,30 ag céim 1 le fachtóir ualaithe de 17.7% (ó 01/07/2019) mar aon le liúntais shonracha nuair is infheidhme
<i>Roinn:</i> Córais Iarnróid	
<i>Ní mór iarratais a sheoladh ach amháin trí ríomhphost chuig an mbosca ríomhphoist:</i> jobs@era.europa.eu	<i>Liosta ionadaithe bailí go dtí:</i> 25/02/2022, a bhfhéadfaí síneadh ama a chur leis

<p>AN GHNÍOMHAIREACHT</p> <p>Is gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh í Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh arna bunú ag <u>Rialachán (AE) 2016/796</u>. Is é an cuspóir atá léi tacú le forbairt de Limistéar Eorpach Iarnróid Aonair, gan teorainneacha, rud a dheimhneoidh leibhéal ard sábháilteachta.</p> <p>Is é príomhchuspóir na Gníomhaireachta ná an córas iarnróid a dhéanamh níos éifeachtaí don tsochaí.</p> <p>Táimid tiomanta é sin a bhaint amach tríd an méid a leanas a dhéanamh:</p> <ul style="list-style-type: none"> › Teastais, údaruithe agus seirbhísí réamhcheadaithe a chur ar fáil don earnáil iarnróid; › Comhchur chuige a fhorbairt i leith sábháilteachta ar an gCóras Eorpach um Bainistiú Tráchtá Iarnróid (ERTMS); › Monatóireacht a dhéanamh ar Údaráis Náisiúnta Sábháilteachta (NSAnna) agus ar Chomhlachtaí ar Tugadh Fógra dóibh; › Cúnamh (e.g. scaipeadh, oiliúint) le ballstáit, le NSAnna agus le páirtithe leasmhara; › Tacaíocht theicniúil a sholáthar don Choimisiún Eorpach, agus › Rochtain éascaithe ar an earnáil iarnróid Eorpach a chur chun cinn do chustaiméirí. <p>Tá tuilleadh sonraí faoinár ngníomhaíochtaí le fáil inár <u>nDoiciméad Clársceidealaithe Aonair</u>.</p> <p>Tá Ceanncheathrú na Gníomhaireachta in Valenciennes, agus roinnt saoráidí eile in Lille atá dírithe ar imeachtaí áirithe. Faoi láthair fostaíonn an Gníomhaireacht thart ar 175 ball foirne. <u>Anseo</u> is féidir ár misean, ár bhfís agus ár luachanna a aimsiú.</p> <p>Le tuilleadh eolais a fháil, léigh fúinn le do thoil ar era.europa.eu.</p>
--

ROINN NA gCÓRAS IARNRÓID

Tá Roinn na gCóras Iarnróid (RSY) ina cuid lárnach den Inniúlacht Córais Iarnróid don Gníomhaireacht.

Agus í eagraithe ina trí Aonad éagsúla, cumhdaíonn an roinn RSY iad seo a leanas:

- › Sábháilteacht agus oibríochtaí iarnróid;
- › Idir-inoibritheacht iarnróid feithiclí agus infreastruchtúir;
- › Córas Eorpach um Bainistiú Tráchtá Iarnróid (ERTMS) agus Teileamaitic.

Tá sé mar aidhm ag Roinn na gCóras Iarnróid ná éabhlóid Ailtireacht Córais Sprice den Limistéar Eorpach Iarnróid Aonair (SERA) a bhrú chun tosaigh maidir le sonraíochtaí, fíorú agus próisis dheimhnithe.

Tá an RSY freagrach as tograí a fhorbairt freisin, agus as tacú leis an earnáil chun éabhlóid chóras Iarnróid Sprice SERA a bharrfheabhsú agus na réitigh is inmhathana a úsáid ar mhaithe le hidir-inoibritheacht theicniúil agus oibríochtúil bhreise. Sa bhreis air sin, tá sé de chúram ar RSY cothabháil agus feabhsú, a mhéid is indéanta, a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar fheidhmíocht fhoriomlán an chórais iarnróid.

Tá sé mar chuid de mhisean RSY feidhmiú mar chuimhne chorparáideach d'éabhlóid Ailtireacht Chóras Iarnróid SERA, agus mar an tÚdarás Córais do ERTMS agus Feidhmchláir Theileamaitice do Phaisinéirí agus Lastas.

Tá sé mar aidhm ag an RSY comhsheasmhacht na gcinntí teicniúla arna nglacadh ar fud Aonad éagsúil agus Foirne éagsúla na Gníomhaireachta a áirithiú.

NÓS IMEACHTA MAIDIR LE HIARRATAIS

Chun iarratais **bhailí** a dhéanamh, ní mór d'iarrthóirí an fhoirm iarratais ERA a líonadh isteach go cuí a chur isteach faoin dáta deiridh le hiarratais a chur isteach.

Na hiarrthóirí sin a bhfuil céimeanna/diplómaí neamh-AE acu, iarrtar orthu leaganacha scanta de na céimeanna/na diplómaí arna mbailíochtú san Aontas Eorpach a chur isteach in éineacht leis an bhfoirm iarratais ERA.

Aon iarrthóir nach gcloíonn leis na treoracha, eisiafar é/í ón bpróiseas roghnúcháin.

Moltar d'iarrthóirí an t-iarratas a líonadh isteach i mBéarla chun an próiseas roghnúcháin a éascú, de thairbhe gurb é Béarla teanga chumarsáide na Gníomhaireachta.

Ní mór iarratais a sheoladh trí ríomhphost chuig an mbosca ríomhphoist jobs@era.europa.eu faoi **25/02/2020** ag 23.59, Am Lár na hEorpa, (an t-am áitiúil in Valenciennes) ar a dhéanaí, **agus uimhir thagartha an ghlaó ar iarratais á sonrú go soiléir i líne an ábhair.**

Tabhair do d'aire le do thoil nach mbreithneofar ar iarratais a chuirtear isteach trí fhacs nó tríd an ngnáthphost.

Más rud é go n-aimsítear ag céim ar bith den nós imeachta go bhfuil an t-eolas a thug an t-iarrthóir mícheart, féadfar an t-iarrthóir i gceist a dhícháiliú.

Tá cosc iomlán ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh sí díreach nó indíreach, maidir leis an roghnúchán seo, le comhaltaí de chuid an Choiste Roghnúcháin, agus tá cosc ar aon duine eile déanamh amhlaidh ar a son. Coimeádann an tÚdarás atá Údaraithe chun Conarthaí a Chur i gCrích trí tharmhligéan (AACC) an ceart aige féin aon iarrthóir a dhéanann neamhaird den treoir seo a dhícháiliú.

Bunófar liostaí ionadaithe, rudaí a bheidh bailí go ceann dhá bhliain ó dháta deiridh an nós imeachta roghnúcháin. Is féidir fad a chur le tréimhse bhailíochta na liostaí ionadaithe ar chinneadh ón AACC. D'fhéadfaí na liostaí ionadaithe a úsáid chun earcaíocht a dhéanamh ar phoist eile a bhfuil an feidhmghrúpa agus grád céanna agus an phróifíl chéanna atá sonraithe thuas i gceist.

Tabhair do d'aire le do thoil go bhféadfadh fadhbanna a bheith ag an gcóras líon ard sonraí a phróiseáil mar gheall ar an líon ard iarratas a d'fhéadfadh a theacht isteach faoin spriocdháta le hiarratais a chur isteach. Dá bhrí sin, moltar d'iarratasóirí a n-iarratas ERA a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

Tábhachtach: NÍOR cheart doiciméid thacaíochta (e.g. cóipeanna deimhnithe de chéimeanna/dhioplómaí, cruthúnas ar thaithí, etc.) a sheoladh ag an bpointe seo, ach iarrfar iad ag pointe níos déanaí sa phróiseas.

NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

Eagrófar an nós imeachta roghnúcháin mar seo a leanas:

1. Cuirfidh an AACC Coiste Roghnúcháin ar bun, atá ar fáil ar láithreán gréasáin ERA;
2. Déanfaidh an Coiste Roghnúcháin na hiarratais a chuirtear isteach a sheiceáil in aghaidh na gcoinníollacha sonracha a leagtar amach sa chuid 'Critéir incháilitheachta' sa Ghlaó ar Iarratais;
3. Ina dhiaidh sin, déanfar na hiarratais a chomhlíonann na coinníollacha seo a mheasúnú agus a scóráil, bunaithe ar na critéir roghnúcháin;
4. Maidir le gach ceann de na 3 phost, tabharfaidh an Coiste Roghnúcháin cuireadh do na chéad **6** iarrthóir a bhfuil an scór is airde acu, ar scóir iad atá 60% ar a laghad de na pointí iomláine a bhronntar don chritéir roghnúcháin. Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí go léir a n-éireoidh leo scór atá cothrom le scór na **6** iarrthóir a bhfuil na scóir is airde acu;
5. Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí gearrliostaithe páirt a ghlacadh sa chéad chéim eile den nós imeachta roghnúcháin, ina mbeidh agallamh, tástáil scríofa agus tástáil bhreise (in ionad measúnaithe);
6. Is i mBéarla a dhéanfar gach agallamh, na tástálacha scríofa agus an tástáil bhreise. Más é Béarla do mháthairtheanga, is í an dara teanga a shonraítear san fhoirm iarratais a scrúdófar;
7. Tá na scóir do na hagallaimh, don tástáil scríofa agus don tástáil bhreise socraithe mar seo a leanas:
 - › An scór iomlán don agallamh: **30 pointe** An scór íosta chun pas a fháil: **21 pointe**
 - › An scór iomlán don tástáil scríofa: **30 pointe** An scór íosta chun pas a fháil: **21 pointe**
 - › An scór iomlán don tástáil bhreise: **30 pointe**

Ní dhéanfar measúnú ar thástáil scríofa na n-iarrthóirí sa chás nach mbainfeadh amach an scór íosta chun pas a fháil san agallamh;

8. Maidir le gach ceann de na 3 phost, cuirfeadh na chéad **3** iarrthóir a bhaineann amach na pasmharcanna cáilithe atá sainithe i bpointe 7 ar an liosta ionadaithe don phost sin. Cuirfeadh ar an liosta seo gach iarrthóir a bhfuil scór acu atá cothrom leis na **3** iarrthóir a fuair an scór is airde. Cuirfeadh na liostaí ionadaithe le chéile in ord tuillteanais. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire nach ionann áit ar an liosta ionadaithe agus tairiscint fostaíochta;
9. Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí go léir a fuair an scór íosta chun pas a fháil (70%) san agallamh agus sa tástáil scríofa, le páirt a ghlacadh in ionad measúnaithe tiomanta;
10. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na torthaí ón Ionad Measúnaithe a mheas agus, nuair is gá i gcomhréir le cuid IV thuas, an toradh ó ionad measúnaithe roimhe a mheas;
11. D'fhéadfadh iarrthóirí atá ar na liostaí ionadaithe cuireadh a fháil chun freastal ar agallamh leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

12. Maidir le gach post, roghnófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi ón liosta ionadaithe don phost sin, agus is féidir an liosta sin a úsáid freisin do thairiscint ar phost comhchosúil, ag brath ar riachtanais na Gníomhaireachta;
13. Beidh na 3 liosta ionadaithe bailí go dtí an 25/02/2022. D'fhéadfaí síneadh ama a chur leis sin trí chinneadh ón AACC;
14. Sula ndéanfar conradh fostaíochta a thairiscint, beidh ar iarrthóirí a ceapadh gach doiciméad ábhartha a chur ar fáil chun a gcúlra oideachais agus a dtaithe ghairmiúil a chruthú;
15. Sula gceapfar gníomhaire sealadach, déanfaidh an AACC nó toscaire atá ag feidhmiú ar a shon fiosrú le fáil amach an bhfuil nó nach bhfuil aon leas pearsanta nó coimhlint leasa eile ag an iarrthóir a chuirfeadh isteach ar a neamhspleáchas. Cuirfidh an t-iarrthóir aon choimhlint leasa atá ann nó a d'fhéadfadh a theacht chun cinn in iúl don AACC nó dá thoscaire trí fhoirm ar leith a úsáid. Déanfaidh an AACC aon bheart cuí, más gá;
16. Cuireann an Gníomhaireacht rialacha an-dochta i bhfeidhm maidir le coimhlint leasa. I bhfianaise cineál speisialta agus sainiúil na hoibre a dhéanann an ERA, ghlac an Bord Bainistíochta rialacha sonracha maidir le coimhlint leasa a bhaineann le baill foirne. Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar Chinneadh 199 ón mBord Bainistíochta lena nGlactar leis an gCreat i ndáil le Dea-Iompar Riaracháin agus ar an larscríbhinn a ghabhann leis. Ní mór d'iarratasóirí a dheimhniú ina bhfoirm iarratais go bhfuil siad toilteanach cloí leis na rialacha seo;
17. Tá cosc iomlán ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh sí díreach nó indíreach, maidir leis an roghnúchán seo, le comhaltaí de chuid an Choiste Roghnúcháin. Coimeádann an AACC an ceart aige féin aon iarrthóir a dhéanann neamhaird den treoir sin a dhícháiliú.

ACHOIMRE AR NA COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA AGUS AR NA SOCHAIR

1. Tá na tuarastail díolmhaithe ó cháin náisiúnta. Ina áit sin, asbhainfear cáin chun leasa an Aontais Eorpaigh ag an bhfoinse;
2. Teidlíocht shaoire bhliantúil dhá lá in aghaidh na míosa féilire, chomh maith le laethanta breise ag brath ar aois agus ar ghrád, agus 2 ½ lá do bhaill foirne easaoránacha, agus anuas air sin 16 lá saoire ERA ar an meán in aghaidh na bliana;
3. Oiliúint theicniúil ghinearálta agus chúí chomh maith le deiseanna forbartha gairmiúla;
4. Scéim Phinsin AE (tar éis 10 mbliana de sheirbhís);
5. Cosaint árachais ó thimpiste agus ó ghalair cheirde faoin gComhscéim Bhreioiteachta agus Árachais AE, liúntas dífhostaíochta agus easláine agus árachas taistil;

Ag brath ar chúinsí pearsanta an duine agus ar an tír thionscnaimh, d'fhéadfadh baill foirne a bheith i dteideal na nithe seo a leanas freisin:

6. Liúntas easaoránachta nó liúntas cónaithe eachtraigh;
7. Liúntas teaghlaigh;
8. Liúntas linbh chleithiúnaigh;
9. Liúntas oideachais;
10. Liúntas suiteála agus aisíocaíocht ar chostais aistrithe;
11. Liúntas laethúil sealadach tosaigh cothaithe;
12. Sochair eile (aisíocaíocht ar chostais taistil ar an bpost a thosú, etc.)

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha faoi seach, féach **Iarscríbhinn VII leis na Rialacháin Foirne** (ó leathanach 96 go 110):
<http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20140101:EN:PDF>

GEALLTANAIS**Gealltanais chun comhdheiseanna a chur chun cinn:**

Is fostóir comhdheiseanna í an Gníomhaireacht agus molann sí go láidir do gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin iarratas a dhéanamh, gan aon idirdhealú bunaithe ar náisiúntacht, aois, cine, prionsabail pholaitiúla, fhealsúnachta nó chreidimh, inscne nó gnéaschlaonadh agus beag beann ar mhíchumas, ar stádas pósta agus ar aon chúinsí teaghlaigh eile.

Nós imeachta achomhairc:

Féadfaidh iarrthóirí a ghlac páirt i nós imeachta roghnúcháin, aiseolas a iarraidh ar conas a d'éirigh leo sa tástáil scríofa, sna tástálacha breise agus sna hagallaimh. Aon iarrthóir a mheasann gur cuireadh an nós imeachta i bhfeidhm go mícheart agus/nó go ndearnadh botún ag céim ar bith den nós imeachta measúnaithe, féadfaidh sé/sí a iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar a (h)iarratas, agus féadfaidh sé/sí gearán nó achomharc a dhéanamh. Chuige sin, is féidir iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh taobh istigh de 20 lá féilire ó seoladh an ríomhphost inar cuireadh in iúl dó/di gur diúltaíodh dá (h)iarratas. Ba cheart don iarratas ar athbhreithniú an nós imeachta roghnúcháin lena mbaineann a shonrú agus ba cheart an critéar incháilitheachta/na critéir incháilitheachta a bhfuiltear ag iarraidh athbhreithniú a dhéanamh ina leith a lua go soiléir agus ar an bhfáth a bhfuil an t-athbhreithniú á iarraidh.

Ba cheart an t-iarratas sin a sheoladh chuig bosca ríomhphoist tiomanta na Gníomhaireachta (jobs@era.europa.eu). Cuirfear cinneadh ón gCoiste Roghnúcháin ar an ábhar in iúl don iarrthóir laistigh de 15 lá féilire tar éis a (h)iarratas a fháil.

NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC AGUS GEARÁIN	
<p>Má mheasann iarrthóir gur imir cinneadh ar leith drochthionchar air/uirthi, is féidir leis/léi gearán riaracháin a dhéanamh de réir Airteagal 90 (2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh ag an seoladh seo a leanas: Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh 120, rue Marc Lefrancq FR - 59300 Valenciennes</p> <p>Ní mór an gearán a dhéanamh taobh istigh de 3 mhí ón am a gcuireadh an t-iarrthóir ar an eolas faoin ngníomh atá ag imirt drochthionchar air/uirthi.</p> <p>Má dhiúltaítear don ghearán, féadfaidh an t-iarrthóir cás a thabhairt faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach os comhair: Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh Seoladh Poist L-2925 Lucsamburg http://curia.europa.eu/</p> <p>Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil sé de chumhacht ag an AACC aon chinneadh a dhéanann an Coiste Roghnúcháin a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte nach bhfuil rogha leathan an Choiste Roghnúcháin faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt, ach amháin sa chás go ndéantar sárú ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gCoistí Roghnúcháin.</p>	<p>Is féidir gearán a dhéanamh freisin leis an Ombudsman Eorpach de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gCinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, L 113 an 4 Bealtaine 1994:</p> <p>An tOmbudsman Eorpach 1, Avenue du Président Robert Schuman – CS 30403 FR – 67001 Strasbourg Cedex http://www.ombudsman.europa.eu</p> <p>Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 90(2) agus in Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh maidir le gearán nó le hachomharc a dhéanamh faoi seach le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh</p>

COSAINT SONRAÍ	
<p>Is é an cuspóir le próiseáil na sonraí a chuireann tú isteach ná d'iarratas a bhainistiú d'fhonn réamhroghnú agus earcú féideartha a dhéanamh ag an nGníomhaireacht.</p> <p>Déanfar an t-eolas pearsanta ar chuir tú é ar fáil dúinn a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán <u>(AE) 2018/1725</u> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine aonair a chosaint ó thaobh a gcuid sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag Institiúidí, Comhlachtaí, Oifigí agus Gníomhaireachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh agus ar shaorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear</p>	<p>Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar: <u>Ráiteas Príobháideachais - Roghnú agus fostú Fhoireann na Gníomhaireachta (TA, CA, SNE agus daoine faoi oiliúint)</u></p>

Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE.	
--	--